



Uimhir 32 de 2020

An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 32 de 2020

**AN tACHT UM CHIAPADH, CUMARSÁID DHOCHRACH AGUS
CIONTA GAOLMHARA, 2020**

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Léiriú
2. Íomhá dhlúthphearsanta a dháileadh nó a fhoilsiú, nó bagairt a dhéanamh íomhá dhlúthphearsanta a dháileadh nó a fhoilsiú, gan toiliú a fháil, le hintinn díobháil a dhéanamh nó a bheith meargánta i dtaobh díobháil a dhéanamh
3. Íomhá dhlúthphearsanta a thaifeadadh, a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú a fháil
4. Cumarsáid bhagrach nó róghráiniúil a dháileadh, a fhoilsiú nó a sheoladh
5. Anaithnideacht íospartaigh ciona faoi alt 2 nó 3
6. Dliteanas stiúrthóirí agus oifigeach de chuid comhlachtaí corpraithe
7. Imeachtaí achoimre: teorainn ama dhá bhliain
8. Toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
9. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997
10. Leasú ar alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997
11. Leasú ar alt 40 den Acht um Fhoréigean Baile, 2018
12. Athbhreithniú ar oibriú an Achta
13. Gearrtheideal agus tosach feidhme

[Uimh. 32.]

*An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid
Dhocrach agus Cionta Gaolmhara, 2020.*

[2020.]

NA HAHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Bannaí, 1997 (Uimh. 16)

An tAcht Craolacháin, 2009 (Uimh. 18)

Acht na Leanaí, 2001 (Uimh. 24)

An tAcht um Fhoréigean Baile, 2018 (Uimh 6)

An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (Uimh. 26)

Petty Sessions (Ireland) Act 1851 (14 & 15 Vict.) c. 93



Uimhir 32 de 2020

**AN tACHT UM CHIAPADH, CUMARSÁID DHOCHRACH AGUS
CIONTA GAOLMHARA, 2020**

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú an dlí a bhaineann le ciapadh; do dhéanamh socrú maidir le cionta a bhaineann le híomhánna dlúthphearsanta a thaifeadadh, a dháileadh nó a fhoilsiú agus do dhéanamh socrú maidir le hanaithnideacht íospartaigh na gcionta sin; do dhéanamh socrú maidir le cion lena ngabhann cumarsáid bhagrach nó róghráiniúil a dháileadh, a fhoilsiú nó a sheoladh; agus, chun na gcríoch sin agus chun críoch eile, do leasú an Achta um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, an Achta um Bannaí, 1997 agus an Achta um Fhoréigean Baile, 2018; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[28 Nollaig 2020]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Léiriú

1. San Acht seo—

tá le “craoladh” an bhrí a shanntar dó leis an Acht Craolacháin, 2009;

ciallaíonn “dáileadh” dáileadh ar an bpobal nó ar chuid den phobal;

ciallaíonn “íomhá dhlúthphearsanta”, i ndáil le duine, aon amharcléiriú (lena n-áirítear aon fhuaim nó doiciméad tionlacain) arna dhéanamh ar aon mhodh lena n-áirítear aon léiriú fótagrafach, scannáin, fiseáin nó digiteach—

- (a) arb éard atá ann, nó a airbheartaíonn gurb éard atá ann, baill ghiniúna, mása nó limistéar anasach an duine agus, i gcás mná, a cíocha,
- (b) arb éard atá ann fo-éadaí lena gclúdaítear baill ghiniúna, mása nó limistéar anasach an duine agus, i gcás mná, a cíocha,
- (c) ina bhfuil an duine nocht, nó
- (d) ina bhfuil an duine i mbun gníomhaíocht ghnéasach;

folaíonn “díobháil” díobháil shíceolaíoch;

ciallaíonn “foilsiú” foilsiú don phobal nó do chuid den phobal seachas ar mhodh craolta.

Íomhá dhlúthphearsanta a dháileadh nó a fhoilsiú, nó bagairt a dhéanamh íomhá dhlúthphearsanta a dháileadh nó a fhoilsiú, gan toiliú a fháil, le hintinn díobháil a dhéanamh nó a bheith meargánta i dtaobh díobháil a dhéanamh

2. (1) Maidir le duine a dhéanfaidh íomhá dhlúthphearsanta de dhuine eile a dháileadh nó a fhoilsiú, nó a bhagróidh íomhá dhlúthphearsanta de dhuine eile a dháileadh nó a fhoilsiú—
- (a) gan toiliú a fháil ón duine eile sin, agus
- (b) le hintinn díobháil a dhéanamh, nó a bheith meargánta i dtaobh díobháil a bheith déanta nó gan a bheith déanta, don duine eile,
- beidh sé nó sí ciontach i gcion.
- (2) Chun críocha *fho-alt (1)*, déanann duine díobháil do dhuine eile más rud é—
- (a) go ndéanann sé nó sí, go hintinneach nó go meargánta, trína chuid nó trína cuid gníomhartha, cur isteach tromchúiseach ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine eile nó scaoll a chur sa duine eile nó anó a chur air nó uirthi, agus
- (b) gur gníomhartha iad a chuid nó a cuid gníomhartha a n-aithneodh duine réasúnach maidir leo go ndéanfadh na gníomhartha cur isteach tromchúiseach ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine eile nó go gcuirfidís scaoll sa duine eile nó anó air nó uirthi.
- (3) Maidir le duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—
- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná seacht mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Íomhá dhlúthphearsanta a thaifeadadh, a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú a fháil

3. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh duine ciontach i gcion más rud é—
- (a) go ndéanfaidh sé nó sí íomhá dhlúthphearsanta de dhuine eile a thaifeadadh, a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú a fháil ón duine eile sin, agus
- (b) go ndéanfaidh an taifeadadh, an dáileadh nó an foilsiú sin, de réir mar a bheidh, cur isteach tromchúiseach ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine eile sin nó scaoll a chur sa duine eile sin nó anó a chur air nó uirthi nó díobháil a dhéanamh dó nó di.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine a dhéanfaidh íomhá dhlúthphearsanta a dháileadh nó a fhoilsiú d’fhonn cion faoin alt seo a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.
- (3) Maidir le duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Cumarsáid bhagrach nó róghráiniúil a dháileadh, a fhoilsiú nó a sheoladh

4. (1) Maidir le duine a dhéanfaidh—

- (a) ar aon mhodh—
- (i) aon chumarsáid bhagrach nó róghráiniúil faoi dhuine eile a dháileadh nó a fhoilsiú, nó
 - (ii) aon chumarsáid bhagrach nó róghráiniúil a sheoladh chuig duine eile, agus
- (b) le hintinn díobháil a dhéanamh trína dáileadh, trína foilsiú nó trína seoladh amhlaidh,
- beidh sé nó sí ciontach i gcion.
- (2) Chun críocha *fho-alt (1)*, tá sé ar intinn ag duine díobháil a dhéanamh i gcás go ndéanann sé nó sí, go hintinneach, trína chuid nó trína cuid gníomhartha, cur isteach tromchúiseach ar shíocháin agus ar phríobháideacht an duine eile nó scaoll a chur sa duine eile nó anó a chur air nó uirthi.
- (3) Maidir le duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—
- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
 - (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná dhá bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Anaithnideacht íospartaigh ciona faoi *alt 2* nó *3*

5. (1) I gcás go gcúisítear duine i gcion faoi *alt 2* nó *3*, aon duine a fhoilseoidh nó a chraolfaidh—
- (a) aon fhaisnéis,
 - (b) grianghraf d’íospartach líomhnaithe an chiona, nó grianghraf ina dtaispeántar íomhá d’íospartach líomhnaithe an chiona, nó
 - (c) aon léiriú eile ar dhealramh fisiceach íospartach líomhnaithe an chiona, nó aon léiriú ina dtaispeántar íomhá dá dhealramh fisiceach nó dá dealramh fisiceach,
- ar dóigh dó nó di a chumasú íospartach líomhnaithe an chiona a chéannú, beidh sé nó sí, faoi réir aon treorú faoi *fho-alt (2)*, ciontach i gcion.
- (2) I gcás go measann breitheamh den chúirt ina dtionscnaítear imeachtaí mar gheall ar chion faoi *alt 2* nó *3*, de réir mar a bheidh, gur gá é ar mhaithe leis an gceartas, féadfaidh sé nó sí, tar éis dó nó di tuairimí íospartach líomhnaithe an chiona a chur i gcuntas, a threorú go bhféadfar cibé faisnéis, grianghraf nó léiriú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a shonróidh sé nó sí a fhoilsiú nó a chraoladh ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonróidh sé nó sí sa treorú.
- (3) Is i scríbhinn a bheidh treorú arna thabhairt faoi *fho-alt (2)*.
- (4) Maidir le duine a sháróidh treorú arna thabhairt faoi *fho-alt (2)*, lena n-áirítear coinníoll i dtreorú den sórt sin, beidh sé nó sí ciontach i gcion.
- (5) Maidir le duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* nó *(4)*, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
 - (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná trí bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (6) Is cosaint é do dhuine a chúiseofar i gcion faoi *fho-alt (1)* nó *(4)* a chruthú nárbh eol don duine, agus nach raibh drochamhras air nó uirthi ná nach raibh cúis aige nó aici drochamhras a bheith air nó uirthi, tráth an chiona líomhnaithe—
- (a) i gcás cion faoi *fho-alt (1)*, gurbh fhaisnéis, gur ghrianghraf nó gur léiriú eile dá dtagraítear san *fho-alt* sin an fhaisnéis, an grianghraf nó an léiriú eile a foilsíodh nó a craoladh, nó
 - (b) i gcás cion faoi *fho-alt (4)*, gur foilsíodh nó gur craoladh an fhaisnéis, an grianghraf nó an léiriú eile de shárú ar threorú arna thabhairt faoi *fho-alt (2)*, lena n-áirítear coinníoll i dtreorú den sórt sin.

Dliteanas stiúirthóirí agus oifigeach de chuid comhlachtaí corpraithe

6. (1) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh, duine ba stiúirthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nuair a rinneadh an cion, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.
- (2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le gníomhartha nó mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúirthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

Imeachtaí achoimre: teorainn ama dhá bhliain

7. D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851*, féadfar imeachtaí achoimre i leith cion faoin Acht seo a thionscnamh tráth ar bith laistigh de dhá bhliain ón dáta a rinneadh an cion.

Toiliú an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí

8. D'ainneoin alt 52(4) d'Acht na Leanaí, 2001, i gcás go gcúiseofar leanbh atá faoi bhun 17 mbliana d'aois i gcion faoin Acht seo, is é nó is í an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí amháin a thionscnóidh, nó is lena thoiliú nó lena toiliú amháin a thionscnófar, aon imeachtaí breise maidir leis an ní (seachas aon athchur i gcoimeád nó faoi bhannaí).

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997

9. Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 41:

*“Cion faoin Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhocrach agus
Cionta Gaolmhara, 2020*

42. Cion faoi alt 2 den *Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhocrach agus Cionta Gaolmhara, 2020*.”.

Leasú ar alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997

10. Leasaítear alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “trí chumarsáid a dhéanamh leis nó léi nó faoi nó fúithi” a chur in ionad “trí dhul i gcumarsáid leis nó léi”,
- (b) i bhfo-alt (3), trí “cumarsáid a dhéanamh ar aon mhodh leis an duine eile nó faoin duine eile” a chur in ionad “dul i gcumarsáid ar aon mhodh leis an duine eile”, agus
- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) Maidir le duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífeair—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó téarma príosúnachta nach faide ná 10 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

Leasú ar alt 40 den Acht um Fhoréigean Baile, 2018

11. Leasaítear alt 40(5) den Acht um Fhoréigean Baile, 2018—

- (a) sa mhíniú ar “cion iomchuí”, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) cion faoi alt 2 nó 3 den *Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhocrach agus Cionta Gaolmhara, 2020*,”,

agus

- (b) i mír (g), trí “i míreanna (a), (aa), (b), (c), (d), (e) nó (f)” a chur in ionad “i míreanna (a) go (f)”.

Athbhreithniú ar oibriú an Achta

12. Déanfaidh an tAire, tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis thosach feidhme an Achta seo, athbhreithniú ar oibriú an Achta seo.

Gearrtheideal agus tosach feidhme

13. (1) Féadfar an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhocrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 a ghairm den Acht seo.

- (2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

